Beartas Iontrála Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh
Admission Policy

Seoladh na Scoile: Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara,
School Address

Uimhir rolla: 19680G
Roll Number

Pátrún na Scoile: An tArdeaspag Diarmuid Ó Fearghail, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath,
School Patron : Archbishop Dermot Farrell, Archbishop of Dublin

1. Réamhrá
Introduction

Comhlíonann an Beartas Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.
This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the Board of Management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 13 Lúnasa 2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é

The policy was approved by the school patron on 13th August 2020. It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.
Fógrófar na dátaí agus na hamlínte ábhartha maidir leis an rang NSU go luath sa triú téarma go bliantúil.
The relevant dates and timelines for Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

The relevant dates and timelines relating to the ASD Class will be announced early in the third term every year.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.
This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.
The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.

2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile.
Characteristic spirit and general objectives of the school.

Is bunscoil Chaitliceach, lán-Ghaeilge, chomhoideachais í Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh ina chuirtear fáilte roimh gach páiste cuma cén cúlra teanga, sóisialta nó creidimh atá acu, cuma cén náisiúntacht iad nó cén riachtanas speisialta oideachais nó míchumas fisiciúil atá acu. Bunaíodh Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh le freastal a dhéanamh ar thuismitheoirí an cheantair a bhí ag éileamh bunoideachais Lán-Ghaeilge dá bpáistí.
Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh is a Catholic, all Irish, coeducational primary school where all children irrespective of linguistic, social, religious background; nationality, special educational need or physical disability, are welcome. Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh was founded to serve parents in the area who wished their children to be educated through the medium of Irish.

Pearsantacht iomlán an pháiste a fhorbairt agus a threorú i dtreo an chirt agus na tuisceana an aidhm atá againn. Glactar go hómósach leis an leanbh mar atá sé; oiltear, múintear agus treoráitear é.
Our primary aim is to develop and guide the child's personality towards understanding and a sense of correctness. The child is accepted respectfully as he is: he is trained, taught and guided.

Cuirtear leas an pháiste aonair chun tosaigh i gcónaí agus is i gcuideachta a thuismitheoirí a thugaimid faoina oiliúint agus faoina oideachas. Dírítear ar na buanna atá ag an bpáiste a fhorbairt chomh fada agus is féidir.
The individual child's well-being always takes precedence and school and parents work hand in hand to educate and train the child .Every effort is made to develop the child's talents as far as possible.

Leagtar béim ar obair thairbheach, leanúnach. Tugtar faoi dhea-scileanna sóisialta, caighdeán ard móráltachta agus réimse leathan de scileanna acadúla, praiticiúla agus caitheamh aimsire a mhúineadh dó. Agus sin uilig trí mhéan na Gaeilge.
Emphasis is placed on continuous, worthwhile work. We undertake to teach the child good social skills, a high moral standard, a wide range of academic and practical skills and pastimes. And all of those through the medium of the Irish language.

Déantar iarracht cumas labhartha agus scríofa na teanga Gaeilge a thabhairt don pháiste go nádúrtha ionas go mbeidh sé/sí ábalta é/í féin agus gach is spéis leis/léi a chur in iúl go héifeachtach.
We endeavour to give the child a natural facility in both spoken and written Gaeilge so that he/she can effectively express himself/herself and all that interests him/her.

Ar ghlacadh áite dá bpáiste sa scoil, iarrtar ar thuismitheoirí geallúint a shíniú go dtacóidh siad leis an scoil Riail na Gaeilge agus an Cód Iompair a chur i bhfeidhm.
By accepting a place for their child in the school, parents are requested to sign an agreement to support the school in implementing Riail na Gaeilge and the Code of Behaviour.

3. Ráiteas maidir le hIontráil
Admission Statement

Ní dhéanfaidh Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:
Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:

(a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,
(h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned, or
(i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.
the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachais 1998, forléireofar ‘foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.
As per section 61 (3) of the Education Act 1998, ‘civil status ground’, ‘disability ground’, ‘discriminate’, ‘family status ground’, ‘gender ground’, ‘ground of race’, ‘religion ground’, ‘sexual orientation ground’ and ‘Traveller community ground’ shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000

Is scoil arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna Caitliceacha chun cinn í Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh is a school whose objective is to provide education in an environment which promotes Catholic values and does not discriminate where it admits a non Catholic student in preference to others and it is proved that the refusal is essential to maintain the ethos of the school.

4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sna ranganna príomhshrutha

Categories of Special Educational Needs catered for in mainstream classes

Comhoibreoidh an scoil leis an gCNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.
The school will cooperate with the NCSE in the performance by the Council of its functions under the Education for Persons with Special Educational Needs Act 2004 in relation to the provision of education to children with special educational needs, including in particular by the provision and operation of a special class or classes when requested to do so by the Council.

Is iad an múinteoir ranga agus an fhoireann Oideachais Speisialta a fhreastalaíonn ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
Pupils with Special Educational Needs (SEN) are catered for by their mainstream class teacher with the support of the Special Education Team'.

Tabharfar acmhainní do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus atá cláraithe i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh de réir an leibhéil acmhainní a cheadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna.
Children with special needs enrolled in Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh. will be provided with resources in accordance with the level of resources provided by the Department of Education and Skills

Féadfaidh an Bord Bainistíochta cóip de thuairisc leighis agus / nó tuairisc shíceolaíochta an pháiste a iarraidh nó féadfaidh sé iarratas a dhéanamh go ndéanfaí measúnú ar an bpáiste láithreach, a bheadh ina chabhair don scoil riachtanais oideachais an pháiste agus na seirbhísí tacaíochta a bheadh de dhíth a mheas. Déanfaidh an Bord Bainistíochta a dhícheall na hacmhainní agus tacaíochtaí a bheith i bhfeidhm sula bhfreastalóidh an páiste ar an scoil. Áirítear leis seo,múinteoir ar cuairt, múinteoir oideachais speisialta, cúntóirí riachtanais speisialta etc; saintrealamh nó troscán speisialta, seirbhísí taistil etc.
The Board of Management may request a copy of the child's medical and/or psychological report or may request that the child be assessed immediately in order to assist the school in establishing the educational needs of the child and to profile the support services required. The Board of Management will endeavour to have all resources and support in place before the child is admitted to the school. This may include the visiting teacher service, special education teacher, special needs assistants etc, specialised equipment or furniture, transport services etc.

Tionólfar cruinniú le húdaráis na scoile agus tuismitheoirí an pháiste a bhfuil riachtanais speisalta aige nó aici agus pléifear oiriúnacht na scoile don pháiste. D'fhéadfadh cáschruinniú a eagrú ina bhfreastalódh tuismitheoirí, múinteoir ranga, múinteoir oideachais speisialta, síceolaí, oibrithe sóisialta agus aon ghairmí eile sláinte nó oideachasúil m.sh teiripeoir saothair, teiripeoir urlabhra etc.de réir mar is cuí
The school authorities will meet with the parents of the special needs child to discuss the school's suitability for the child. If necessary a full case conference may be called including parents, class teacher, special education teacher, resource teacher, psychologist or social workers and any other health or educational professional e.g occupational therapist, speech therapist etc. as appropriate.

4(a) **Scoileanna ina bhfuil Rang Speisialta**:
***Schools with Special Classes**:*

Bhunaigh Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, le cead ón Aire Oideachais, rang amháin chun oideachas a chur ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil diagnóis Uathachais acu a chomlíonann na critéir DSM IV/V nó ICD 10 D'fhéadfadh sé go ndiúltófaí isteach sa rang do dhalta nach bhfuil an chatagóir riachtanais acu atá sonraithe.
Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh with the approval of the Minister for Education, has established one class to provide an education exclusively for students with a diagnosis of Autism meeting DSM IV/V or ICD-10 diagnostic criteria. The school may refuse to admit to the class a student who does not have the category of needs specified.

Ní mór na tuairiscí (ina bhfuil moladh go bhfreastalóidh an páiste ar rang speisialta) a chur isteach leis an iarratas ar áit scoile agus is gá go mbeadh an áit ceadaithe ag an CNOS chomh maith.*The reports (which include a recommendation that the child attend a special class within a mainstream setting) must be submitted with the application for a school place and the place must also be approved by the NCSE.*

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an rang seo déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear

laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.
In the event that this class is full, the school will apply the following selection criteria in the order in which they appear below in relation to applications received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's notice of enrolment when deciding on admission.

1. Daltaí reatha atá i rang príomhshrutha de réir aoise; an páiste is sine ar dtús.
   Current pupils of the school in mainstream classes with the eldest given priority.

2. Siblín dhalta reatha na scoile nó páiste le tuismitheoir ag obair mar mhúinteoir sa scoil linn.
   Sibling of a current pupil of the school or child of a teacher working in the school.

3. Siblín iardhalta na scoile (a d'fhreastail ar an scoil le dhá bhliain ar a laghad)
   Sibling of a former pupil of the school (attending for minimum of two years)

4. Páistí a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu a ligfidh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeidh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh.
   Children with a level of Irish enabling them to function and learn in the class without the need for other students to communicate with them in English.

5. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.*
   *Children that have attained a level of fluency in Irish and that such fluency is likely to regress if not admitted to an Irish-medium school.**

6. De réir aoise; an páiste is sine ar dtús.(go dtí rang 2)
   By age; the eldest child first (up to 2nd class)

*Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.
**Parents/guardians must provide sufficient evidence to demonstrate a level of fluency in Irish to the board. See further information in the relevant document available from the school.*

Maraon leis na ranganna uile sa scoil, Is í an Ghaeilge an teanga theagaisc agus an teanga chumarsáide sa rang seo

As with all classes in the school, Irish is the language of instruction and communication in this Class

Déanfar cinneadh gach bliain ag tógáil dul chun cinn agus stádas reatha na ndaltaí sa rang speisialta. Tá sé mar sprioc againn machnamh a dhéanamh ar na daltaí ar fad agus iad a bhogadh amach chuig rang phríomhshrutha nuair is féidir.
Progress and current status of all students are reviewed annually. It is our aim that all children are considered for moving out into mainstream classes.

5. Daltaí a Ligean Isteach.
Admission of Students.

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna seo a leanas –
This school shall admit each student seeking admission except where –

a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil sna ranganna phríomshrutha (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
if the school is oversubscribed in mainstream classes (please see section 6 below for further details)

b) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an rang speisialta féach rannóg 4(a) thuas
if the special class is oversubscribed please see Section 4 (a) above

c) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin.
a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student.

6. Ró-iarratas
Oversubscription

Aithnítear cearta tuismitheoirí a bpáistí a chlárú in a rogha scoile, ach tá Bord Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh freagrach freisin as cearta phobal na scoile trí chéile, agus go háirithe cearta pháistí na scoile atá cláraithe cheana féin. Éilíonn sé seo breith chóir chothrom faoi réir ag prionsabail an dlí nádúrtha ag cur leas na bpáistí ar fad san áireamh. Ag tacú leis an scoil i gcúinsí den chineál seo, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith a leagan síos agus comhdhéanamh aon rang ar leith a athrú de réir mar is cuí.

While recognising the right of parents to enrol their child in the school of their choice, the Board of Management of Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh must also respect the rights of the existing school community and in particular, the children already enrolled. This requires balanced judgements, which are guided by the principles of natural justice and acting in the best interest of all children. Assisting the school in such circumstances, the Board of Management reserves the right to determine the maximum number of children in

each separate class and also to change the combination of children in any class as is necessary.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar sna Naíonáin Shóisireacha agus sna Naíonáin Shinsireacha ná 54.
The maximum number of children in Junior and Senior Infants will be 54 in each.

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar in aon rang-leibhéal Rang 1-6 ná 54
The maximum number of students at any level in Rang 1 – Rang 6 will be 54.

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos, maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.
In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria in the order listed below to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:

Naíonáin Shóisearacha Junior Infants

Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh an 1 Meán Fómhair den bhliain iarratais.
***Applicants for Junior Infants must be 4 years of age before the 1st September for the year for which they are applying*.**

I gcás ró-éilimh, is mar seo a dháilfear na háiteanna:
In case of excess demand, this is how places will be allocated:

.Cuifear na hiarratasóirí i ngach fo-chatagóir thíos in ord de réir aoise
Applicants in each section will be placed in order according to age

Roinn 1 Section 1

Páistí a bheidh 4 bliana d'aois slánaithe acu roimh an 1 Aibreán den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg acu sa scoil agus a bhfuil foirm iarratais faighte ag an scoil roimh an dáta deireannach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil .*Children who will be 4 years of age before 1st April in the year for which they are applying for a place and whose applications were received by the school in the timeframe outlined in our Annual Admission Notice.*

a. Siblín dhalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair, siblín iardhaltaí a d'fhreastail ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad nó páistí mhúinteoirí na scoile.

A sibling of a pupil who is attending the school at present or of a past pupil who attended the school for at least two years or children of teachers in the school.

b. Páistí a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.
Children who have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.

c. Páistí ar fhreastail a dtuismitheoir ar Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh.
Children whose parent attended Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh.

d. Iarratasóirí eile.
Other applicants.

Sa chás ina bhfuil áiteanna fós le líonadh féachfar ar iarratais i Roinn 2
In the event of spaces remaining applicants from Section 2 will then be considered

Roinn 2 Section 2

Páistí a bheidh 4 bliana d'aois slánaithe acu tar éis an 31 Márta ach roimh an 1 Meitheamh den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg acu sa scoil agus a bhfuil foirm iarratais faighte ag an scoil roimh an dáta deireannach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil .*Children who will be 4 years of age after 31 March but before 1st June in the year for which they are applying for a place and whose applications were received by the school in the timeframe outlined in our Annual Admission Notice.*

e. Siblín dhalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair, siblín iardhaltaí a d'fhreastail ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad nó páistí mhúinteoirí buana na scoile.
A sibling of a pupil who is attending the school at present or of a past pupil who attended the school for at least two years or children of permanent teachers in the school.

f. Páistí a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.

Children who have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.

g. Páistí ar fhreastail a dtuismitheoir ar Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh.
Children whose parent attended Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh.

h. Iarratasóirí eile.
Other applicants.

Sa chás ina bhfuil áiteanna fós le líonadh féachfar ar iarratais i Roinn 3
In the event of spaces remaining applicants from Section 3 will then be considered

Roinn 3 Section 3

Páistí a bheidh 4 bliana d'aois slánaithe acu tar éis an 1 Meitheamh ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg acu sa scoil agus a bhfuil foirm iarratais faighte ag an scoil roimh an dáta deireannach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil .*Children who will be 4 years of age after 1st June but before 1st September in the year for which they are applying for a place and whose applications were received by the school in the timeframe outlined in our Annual Admission Notice.*

i. Siblín dhalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair, siblín iardhaltaí a d'fhreastail ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad nó páistí mhúinteoirí na scoile.
A sibling of a pupil who is attending the school at present or of a pastpupil who attended the school for at least two years or children of teachers in the school.

j. Páistí a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.
Children who have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.

k. Páistí ar fhreastail a dtuismitheoir ar Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh.
Children whose parent attended Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh.

l. Iarratasóirí eile
Other applicants

Sa chás ina bhfuil áiteanna fós le líonadh féachfar ar iarratais i Roinn 4
In the event of spaces remaining applicants from Section 4 will then be considered

Roinn 4 Section 4

Iarratais dhéanacha.

Nóta: Sa chás gur mian le tuismitheoirí go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/ aici sa Ghaeilge tabharfar cuireadh don tuismitheoir fianaise a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú d'ionadaithe an Bhoird Bainistíochta. Is gá an fhianaise sin a chur ar fáil leis an iarratas.
Where parents wish their child to be considered under the 'level of fluency in the Irish language' provision above, that parent is invited to provide evidence to prove/ display the fluency to the Board of Management's representatives. This evidence must be provided with the application.

Muna nglactar leis an bhfianaise cuirfear an páistí i gcatagóir eile, de réir mar is cuí. Is féidir achomharc i scríbhinn/ríomhphost a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta laistigh de 5 lá oibre ón gcinneadh a fháil. Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deireannach. Ní cheadófar fianaise nua a sholáthair i gcás athchomhairc.
If the evidence provided is not deemed sufficient, the applicant will be placed in another category according to the Enrolment Policy. An appeal may be made by email to the Board of Management within 5 working days of receiving the decision. The Board of Management's decision will be final. New evidence of fluency will not be accepted.

Má ghlactar leis an bhfianaise, ach go mbeartaíonn an tuismitheoir an páiste a chur siar go dtí Liosta Iarrthóirí na bliana ina dhiaidh sin, ní bheidh gá fianaise a chur ar fáil arís don leibhéal líofachta sa Ghaeilge.
In cases whereby the evidence is sufficient and a parent opts to withdraw their application until the following year the evidence will not be required for that year

Más mó líon na n-iarratas in aon chatagóir ná líon na spásanna ar fáil don chatagóir sin, cuirfear na hiarratasóirí go léir sa chatagóir sin in ord de réir aoise.
Where the number of applicants is too high in the categories above they will be listed according to age.

Sa chás go bhfuil beirt nó níos mó ar comhaois in aon chatagóir roghnúcháin (gur mó líon na n-iarratas ná líon na spásanna atá fós ar fáil) cuirfear crannchur ar na hainmneacha sin. Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí nó caomhnóirí freastal ar an gcrannchur. Sa chás nach bhfuil tuismitheoirí nó caomhnóirí ar fáil beidh cead acu

duine eile a ainmniú le freastal ina n-áit. Déanfaidh breathnóir neamhspleách maoirseacht ar an gcrannchur.

In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), names will be placed in a raffle. Parents/Guardians will be invited to attend the draw. If a parent/ guardian is unable to attend they may nominate someone to attend in their place. The draw will be overseen by an independent observer.

7. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh.
What will not be considered or taken into account

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.
In accordance with section 62(7) (e) of the Education Act, the school will not consider or take into account any of the following in deciding on applications for admission or when placing a student on a waiting list for admission to the school:

(a) freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,
a student's prior attendance at a pre-school or pre-school service, including naíonraí

(b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;
the payment of fees or contributions (howsoever described) to the school;

(c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta seachas :-ligean isteach i scoil Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht. Is gá fianaise a sholáthair leis an iarratas ag tacú le caighdeán Gaeilge an iarratasóra.
a student's academic ability, skills or aptitude;other than in relation to: admission to an Irish language school, in accordance with the provisions of section 62(9) of the act

(d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;
the occupation, financial status, academic ability, skills or aptitude of a student's parents;

(e) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
a requirement that a student, or his or her parents, attend an interview, open day or other meeting as a condition of admission;

(f) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá theaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin;

seachas (1) dearthháireacha nó deirfiúracha dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil agus/nó (2) tuismitheoirí nó seantuismitheoirí dalta a d'fhreastail ar an scoil
a student's connection to the school by virtue of a member of his or her family attending or having previously attended the school;

other than, (1) siblings of a student attending or having attended the school and/or (2) parents or grandparents of a student having attended the school.

(g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála,
the date and time on which an application for admission was received by the school

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.
Tá sé sin faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31 Eanáir 2025 amháin*).*
This is subject to the application being received at any time during the period specified for receiving applications set out in the annual admission notice of the school for the school year concerned.
This is also subject to the school making offers based on existing waiting lists (up until 31 January 2025 only).

8. Cinntí ar iarratais
Decisions on applicatiions

Béidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh bunaithe ar na nithe seo a leanas:
All decisions on applications for admission to Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh will be based on the following:

- Polasaí iontrála na scoile
  Our school's admission policy

- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);
  The school's annual admission notice (where applicable)

- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;
  The information provided by the applicant in the school's official application form received during the period specified in our annual admission notice for receiving applications.

  (Féach Mír 14 thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus Mír 15 thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.)

(Please see Section 14 below in relation to applications received outside of the admissions period and Section 15 below in relation to applications for places in years other than the intake group.)

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.
Selection criteria that are not included in our school admission policy will not be used to make a decision on an application for a place in our school.

9. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí.
Notifying applicants of decisions

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.
Applicants will be informed in writing as to the decision of the school, within the timeline outlined in the annual admissions notice.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.
If a student is not offered a place in our school, the reasons why they were not offered a place will be communicated in writing to the applicant, including, where applicable, details of the student's ranking against the selection criteria and details of the student's place on the waiting list for the school year concerned

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach alt 18 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).
Applicants will be informed of the right to seek a review/right of appeal of the school's decision (see section 18 below for further details).

10. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir
Acceptance of an offer of a place by an applicant

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, ní mór duit an méid seo a leanas a léiriú—
In accepting an offer of admission from Scoil Chearbhaill Uí Dhalaigh you must indicate—

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.
whether or not you have accepted an offer of admission for another school or schools. If you have accepted such an offer, you must also provide details of the offer or offers concerned and

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.
whether or not you have applied for and awaiting confirmation of an offer of admission from another school or schools, and if so, you must provide details of the other school or schools concerned

11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar
Circumstances in which offers may not be made or may be withdrawn

Ní féidir le Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas —
An offer of admission may not be made or may be withdrawn by Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh where—

(i) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
it is established that information contained in the application is false or misleading.

(ii) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
an applicant fails to confirm acceptance of an offer of admission on or before the date set out in the annual admission notice of the school

(iii) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
the parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student; or

(iv) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in Mir 10 thuas.
an applicant has failed to comply with the requirements of 'acceptance of an offer' as set out in Section 10 above

12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile
Sharing of Data with other schools

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachais (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.
Applicants should be aware that section 66(6) of the Education (Admission to Schools) Act 2018 allows for the sharing of certain information between schools in order to facilitate the efficient admission of students.

13. Liosta feithimh i gcás ró-iarratais
Waiting list in the event of oversubscription

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.
In the event of there being more applications to the school year concerned than places available, a waiting list of students whose applications for admission to Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh were unsuccessful due to the school being oversubscribed will be compiled and will remain valid for the school year in which admission is being sought

Tá socrúchán ar liosta feithimh Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.
Placement on the waiting list of Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh is in the order of priority assigned to the students' applications after the school has applied the selection criteria in accordance with this admission policy.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.
Offers of any subsequent places that become available for and during the school year in relation to which admission is being sought will be made to those students on the waiting list, in accordance with the order of priority in relation to which the students have been placed on the list.

14. Iarratais Dhéanacha
Late Applications

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.
All applications for admission received after the closing date as outlined in the annual admission notice will be considered and decided upon in accordance with our school's admissions policy, the Education Admissions to School Act 2018 and any regulations made under that Act.

15. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana
Procedures for admission of students to other years and during the school year

Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:
The procedures of the school in relation to the admission of students who are not already admitted to the school to classes or years other than the school's intake group are as follows

Clárófar páistí i ranganna seachas Naíonán Shóisearacha, fad is atá áit sa rang cuí agus go bhfuil Gaeilge ón mbaile ag an bpáiste nó gur ó Ghaelscoil atá sé nó sí ag aistriú. Munar ó Ghaelscoil atá an páiste ag aistriú, cuirfidh an príomhoide agus an t-oide ranga agallamh air nó uirthi le cinntiú gur chun leasa gach páirtí iontráil an pháiste. Ní mór Foirm Iarratais aa líonadh agus a sheoladh chun na scoile. Tá Foirm Iarratais ar fáil le híoslódáil ar www.scoiluidhalaigh.ie
Children may be enrolled in classes other than Junior Infants who come from an Irish-speaking household or are transferring from another Gaelscoil. Children not transferring from a Gaelscoil will meet with the class teacher and principal with the aim being to ascertain that a Gaelscoil setting is in the best interest of all parties involved. Application Forms should be completed and sent to the school. These are available at www.scoiluidhalaigh.ie

16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh
Declaration in relation to the non-charging of fees

Ní ghearrfaidh Bord Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de –

The Board of Management of Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh or any persons acting on its behalf will not charge fees for or seek payment or contributions (howsoever described) as a condition of-

(a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
an application for admission of a student to the school, or

(b) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.
the admission or continued enrolment of a student in the school

17. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach
Arrangements regarding students not attending religious instruction

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe sin.
The following are the school's arrangements for students, where the parents have requested that the student attend the school without attending religious instruction in the school. These arrangements will not result in a reduction in the school day of such students:

Ní mór do thuismitheoirí iarratas a chur i scríbhinn chuig Bord Bainistíochta na scoile nach bhfreasatlódh a bpáiste nó a bpáistí ar ranganna reiligiúin nó searmanais eaglasta. Socrófar deiseanna eile oideachasúla i gcomhar leis na tuismitheoirí don pháiste le linn na dtréimhsí sin,
Parents must submit a request in writing to the Board of Management requesting that their child(ren) be exempt from religion classes and church services. Other educational opportunities will be facilitated in consultation with the parents for the child(ren) during these times.

Molann Bord Bainistíochta rannphairtíocht ag leibhéal éigin san ábhar seo tríd próiseas a phlé le tuismitheoirí an pháiste. Sa chás nach mbeidh rannphairtíocht ar bith socrófar go ndíreoidh an páiste ar ábhar eile socraithe ag an tuismitheoir agus le roinnt leis an oide ranga
The Board of Management recommends participation at some level in religion classes but in the event that non-participation in full is desired the parents will be invited to work with the teacher to provide alternative opportunities.

18. An ceart chun athbreithnithe/achomhairc
Reviews/appeals

Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta
Review of decisions by the board of Management

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó i gcás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.
The parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may request the board to review a decision to refuse admission. Such requests must be made in accordance with Section 29C of the Education Act 1998

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.
The timeline within which such a review must be requested and the other requirements applicable to such reviews are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.
The board will conduct such reviews in accordance with the requirements of the procedures determined under Section 29B and with section 29C of the Education Act 1998.

Tabhair faoi deara: Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.
Note: *Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.*

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.
*Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.*

Ceart achomhairc
Right of appeal

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó i gcás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.
Under Section 29 of the Education Act 1998, the parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may appeal a decision of this school to refuse admission.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.
An appeal may be made under Section 29 (1)(c)(i) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due to the school being oversubscribed.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.
An appeal may be made under Section 29 (1)(c)(ii) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due a reason other than the school being oversubscribed.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)
*Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management **prior to making an appeal** under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)*

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)
*Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of*

management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.
Appeals under Section 29 of the Education Act 1998 will be considered and determined by an independent appeals committee appointed by the Minister for Education and Skills.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den chineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.
The timeline within which such an appeal must be made and the other requirements applicable to such appeals are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

Daingníodh an beartas seo ar 2 Aibreán 2025

Sínithe



Séamus de Búrca

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta